Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 16

# Tailte Éireann

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar chostais Tailte Éireann, lena n-áirítear deontas, ullmhaithe agam sa chuntas a ghabhann leis seo.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair don chaiteachas don bhliain, agus

- a soláthraíodh i gcomhair sholáthar do sheirbhísí soláthair chaipitiúil in 2023 as leithreasaí 2022 nár caitheadh, faoi na socruithe iarchurtha maidir le tabhairt suas arna mbunú le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €9.314 milliún dlite le tabhairt suas don Státchiste.

Aistríodh an tabhairt suas iarchurtha ar chuntas leithreasa na hOifige Luachála Vóta 16 do 2022, a chuimsigh coigilteas in 2022 de €590,000 i bhfo-theideal A.2 caiteachais caipitiúil, chuig Vóta 16 Táilte Éireann nuair a bunaíodh é in 2023.

Tá an ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

***Bunú Tailte Éireann***

Mar chuid de Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, rinneadh cinneadh Rialtais an Oifig Luachála (VO), Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine (ÚCM) a chumasc. Foráladh le hAcht Tailte Éireann 2022 do dhíscaoileadh an ÚCM agus an OSI agus d'aistriú feidhmeanna na gcomhlachtaí sin, mar aon le feidhmeanna an Choimisinéara Luachála agus an tSuirbhéir Teorann, chuig Tailte Éireann. Tháinig an díscaoileadh agus an t-aistriú i bhfeidhm ar lá bunaithe Tailte Éireann, 1 Márta 2023.

Nuair is ábhartha, agus chun críocha faisnéise amháin, tá roinnt figiúirí comparáideacha do 2022 den ÚCM, VO, agus OSI curtha san áireamh sna nótaí a ghabhann leis an gcuntas.

Is é príomhghnó Tailte Éireann córas clárúcháin úinéireachta a chur ar fáil do thalamh in Éirinn, luachálacha cruinne, cothrom le dáta ar réadmhaoin tráchtála agus thionsclaíocha a sheachadadh do pháirtithe leasmhara agus taifid mhapála deifnídeacha agus infreastruchtúr fisiciúil an Stáit a chruthú agus a chothabháil.

Tá ceanglais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* curtha i bhfeidhm ag Tailte Éireann, nuair is cuí.

## Ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, mar ar leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe amach iad i gciorclán 22 de 2023, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

Tá saolréanna fóinteacha agus rátaí amúchta gaolmhara sócmhainní doláimhsithe measta mar seo a leanas.

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré fhóinteach* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bhogearraí | Téarma ceadúnais 2-10 mbliana | 50%-10% |
| Bogearraí faighte/forbartha | 5 bliain | 20% |

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Táilte Éireann.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Phríomhfheidhmeannach. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifead i gceart, agus go gcuirfear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is ar bhonn leanúnach a choinnítear caoi ar chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais agus bíonn a éifeachtacht faoi athbhreithniú i gcónaí.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chuir an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhíse comhroinnte (Vóta 18). Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bhainistíochta seirbhíse idir Tailte Éireann agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte le haghaidh AD agus párolla.

Bhraith mé ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte gur cuireadh na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte do Tailte Éireann.

Ina theannta sin, tá mé ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí airgeadais fomhroinnte do Tailte Éireann. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe leibhéal seirbhíse idir Tailte Éireann agus an Roinn Dlí agus Cirt maidir le seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar.

### *Timpeallacht rialaithe airgeadais*

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais i measc lucht bainistíochta agus iad cuntasach iontu seo dá réir.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agusgníomhaíocht cheartaithe chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm i dtaobh mo chuid freagrachtaí i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Táthar tar éis nósanna imeachta na bpríomhphróiseas gnó uile a dhoiciméadú.
- • Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### *Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta*

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann faoina ndéantar buiséad bliantúil a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach air
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina ndéantar feidhmíocht airgeadais a mheas i gcoinne na dtuartha
- oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh de Tailte Éireann
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte maidir le infheistíocht chaipitil a rialú chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

### *Éilimh ar chúiteamh*

Feidhmíonn Tailte Éireann córas clárúcháin teidil a thugann ráthaíocht Stáit don sealbhóir teidil. Tá ceangal ar an Stát aon duine dá mbainfidh caillteanas de a shlánú mar gheall ar bheith ag brath ar an gClár Náisiúnta Talún. Ina ghnáthchúrsa gnó, faigheann Tailte Éireann éilimh ar chúiteamh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 1964. D’fhéadfadh éilimh teacht chun cinn mar gheall ar earráid, brionnú nó calaois maidir le clárú teidil. Bhí íocaíocht de €325,000 in 2023 mar thoradh ar éileamh amháin den sórt sin, a d’eascair as caillteanas a fulaingíodh mar gheall ar bheith ag brath ar an gClár Náisiúnta Talún.

Tá creat frithchalaoise i bhfeidhm, arb é is aidhm dó nochtadh agus caillteanais ó chalaois i gcoinne na gclár a íoslaghdú. Treoraíonn an creat seo cur i bhfeidhm na straitéise i leith caoi a choinneáil ar shláine nagclár , cearta maoine cláraithe a chosaint agus acmhainní poiblí a chosaint.

Tá achoimre ar íocaíochtaí a rinneadh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 1964 leagtha amach i nóta 6.1 a ghabhann leis na cuntais.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Tailte Éireann le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Mar bhonn eolais faoina hobair tá anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig neamhchosanta agus is ar an anailís seo atá a chuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, ar mise a fhaomhann iad, bunaithe. Is é is aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn atrátha i gcaitheamh téimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn Tailte Éireann go gcloítear le dea-chleachtas soláthair cuí agus gach conradh á dhámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Tá sonraí faoi 17 gconradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag Tailte Éireann sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon Tailte Éireann na treoirlínte cé is moite de 11 chonradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) ar tugadh fúthu gan próiseas iomaíoch, arbh fhiú €1,231,857 san iomlán iad (gan CBL san áireamh) mar a leagtar amach thíos.

- Cuireadh le fad sé chonradh (luach 2023 €534,185) le caoi a thabhairt cur i bhfeidhm suntasach tionscadail a thabhairt chun críche. Táthar i mbun deireadh a chur leis na socruithe seo faoi láthair agus ní chuirfear aon fhad eile leo.
- Cuireadh fad le dhá chonradh (2023 luach €248,449) bainteach le Teileachumarsáid go dáta i ndiaidh dháta an chonartha. Leantar le seirbhísí den sórt sin a chomhdhlúthú in 2024 agus scoirfear de na conarthaí sin.
- Tá fad curtha le conradh amháin (luach 2023 €132,551) go dtí go gcuirfear socruithe eile i bhfeidhm. Táthar ag súil go dtabharfar é seo chun críche in R2 de 2024.
- Cuireadh fad le conradh amháin (luach 2023 €237,372) a bhain le crua-earraí TFC speisialaithe ar eagla go gcuirfí moill ar agaí tionscanta.
- Cuireadh fad le conradh amháin (2023 luach €61,300) a bhain le seirbhísí párolla go dtí go n-aistreofar an fhoireann ar fad chuig Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta chun críocha párolla.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Tailte Éireann a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm chun na príomhrioscaí atá roimh Tailte Éireann a shainaithint agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Tá socruithe i bhfeidhm faoina ndéanfaidh an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus na baill foirne ar leith atá freagrach as oibriú na rialuithe.

***An mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéantar ar bhonn leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go raibh nósanna imeachta ag Tailte Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Monatóireacht agus athbhreithniú Tailte Éireann ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus caoi a choinneáil air.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2023 a a bheadh de cheangal é a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Liam O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Tailte Éireann

27 Meitheamh 2024

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 16 – Tailte Éireann

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 16 – Tailte Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 16 – Tailte Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Thailte Éireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh leibhéal mór neamhchomhlíontachta le rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- • cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, agus a rá cé acu a cuireadh nó nár cuireadh, i mo thuairimse, na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é is cuspóir dom agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n aonar nó ina n iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn seo

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonphháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Bím i mbun cainte leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* a dhéanaim go bliantúil.

## Vóta 16 Táilte Éireann

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar Meastacháin | Toradh |
| | | | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Soláthar seirbhísí mapála, clárúcháin maoine agus luachála laistigh den Stát | | | |
| | *Soláthar Meastacháin* | 85,924 | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 590 | | |
| | | | 86,514 | 77,068 |
| **Ollchaiteachas** | | | **86,514** | **77,068** |
| | *Lúide* | | | |
| A | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,820** | **1,688** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar Meastacháin* | 84,104 | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 590 | | |
| | | | **84,694** | **75,380** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh faoi dhliteanas lena tabhairt suas don Státchiste.

| | 2023 |
|---|---|
| | € |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **9,314,406** |

**Liam O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Tailte Éireann

27 Meitheamh 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 3,096 |
| Pá | | 51,654 |
| Neamhphá | | 22,318 |
| **Ollchaiteachas** | | **77,068** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 1,688 |
| **Glanchaiteachas** | | **75,380** |
| | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil** | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | |
| Ceannacháin | (678) | |
| Dímheas | 1,011 | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 18 | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | |
| Ceannacháin | (5,979) | |
| Amúchadh | 1,389 | |
| | | (4,239) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | |
| (Méadú) i bhfardail | (170) | |
| (Méadú) ar réamhíocaíochtaí | (5,166) | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 690 | |
| Méadú ar ioncam iarchurtha | 183 | |
| | | (4,463) |
| **Caiteachas díreach** | | **66,678** |
| | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 22,365 |
| Measchíos | | 2,279 |
| **Glanchostas an chláir** | | **91,322** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 16 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2023 |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 19,591 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,577 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 71 |
| Vóta 24 | Cóir | 99 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 27 |
| | | **22,365** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 |
|---|---|---|
| | | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 2,231 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 13,773 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **16,004** |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 3,512 |
| Fardail | 2.4 | 170 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 5,166 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 135 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **8,983** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 690 |
| Ioncam iarchurtha | | 183 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 3,474 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | 173 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **4,520** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 4,463 |
| **Glansócmhainní** | | **20,467** |
| **Arb ionainn iad agus:** | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.10 | **20,467** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh Oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | — | — | — | — |
| Aistriú sócmhainní[a] | 607 | 18,349 | 6,170 | 25,126 |
| Suimiúcháin | 77 | 601 | — | 678 |
| Diúscairtí | — | (197) | — | (197) |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 684 | 18,753 | 6,170 | 25,607 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | — | — | — | — |
| Dímheas aistrithe | 412 | 16,401 | 5,731 | 22,544 |
| Dímheas don bhliain | 64 | 861 | 86 | 1,011 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (179) | — | (179) |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 476 | 17,083 | 5,817 | 23,376 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2023** | **208** | **1,670** | **353** | **2,231** |

Nóta [a] Nuair a bunaíodh Tailte Éireann, aistríodh costas, dímheas carntha agus glanluach leabhair na sócmhainní nuair a aistríodh feidhmeanna na hOifige Luachála (VO), Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine (ÚCM) chuig Tailte Éireann.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | — | — | — |
| Aistriú sócmhainní | 49,935 | 4,537 | 54,472 |
| Suimiúcháin | 1,172 | 4,806 | 5,979 |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | 51,107 | 9,344 | 60,451 |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | — | — | — |
| Amúchadh aistrithe | 45,289 | — | 45,289 |
| Amúchadh don bhliain | 1,389 | — | 1,389 |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | 46,678 | — | 46,678 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2023** | **4,429** | **9,344** | **13,773** |

Nóta [a] Nuair a bunaíodh Tailte Éireann, aistríodh costas, amúchadh carntha agus glanluach leabhair na sócmhainní nuair a aistríodh feidhmeanna na hOifige Luachála (VO), Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine (ÚCM) chuig Tailte Éireann.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 1,504 |
| Iarmhéideanna bainc tráchtála agus airgid tirim | 2,008 |
| | **3,512** |

Is ionann iarmhéideanna an chuntais bhainc thráchtála agus €905,000 atá dlite don Státchiste an 31 Nollaig 2023 maidir le táillí clárúcháin a bailíodh agus €1.068 milliún i gcuntas Banc Danske a úsáidtear le haghaidh thuarastail baill foirne áirithe nár aistríodh fós chuig an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun críocha párolla. Ní chuirtear san áireamh iarmhéideanna neamh-Státchiste de €6.7 milliún atá i dtaisce sa Bhanc Ceannais (2022: €6.28 milliún) agus €244,000 atá i dtaisce i Danske Bank (2022: €26,000) maidir le hairgead ceannaigh na scéime bunchíosa.

## 2.4 Fardal

| ag an 31 Nollaig | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Stoic léarscáileanna le hathdhíol | 170 |
| | **170** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Tacaíocht Bogearraí | 4,057 |
| Clár athluachála | 1,088 |
| Riarachán | 21 |
| | **5,166** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Caiteachas ar phasanna taistil is féidir a fháil ar ais | 58 |
| Míreanna dochair eile a choimeádtar ar fionraí | 77 |
| | **135** |

## 2.7 Costais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Costais fuinnimh | 190 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 127 |
| Costais riaracháin | 310 |
| Costais dlí | 63 |
| | **690** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | |
| Cáin ioncaim | 807 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 493 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 415 |
| Cáin bhreisluacha | 464 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 32 |
| Fáltais Státchiste agus eile iníoctha | 1,102 |
| | 3,313 |
| Asbhaintí párolla a choimeádtar ar fionraí | 161 |
| | **3,474** |

## 2.9 Glanchistiúcháin Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 9,314 |
| Aistrithe ráth a bhunaithe ón ÚCM agus VO | 636 |
| Deontas státchiste nár tarraingíodh | (9,777) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **173** |
| **Arb ionainn iad agus:** | |
| **Féichiúnaithe** | |
| Banc agus airgead tirim | 3,512 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 135 |
| | 3,647 |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | 3,313 |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | 161 |
| | 3,474 |
| | **173** |

## 2.10 An cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | |
| Soláthar Meastacháin | Cuntas | 84,694 | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (9,314) | |
| Glan Vóta | | | 75,380 |
| | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 & 1.1 | | 24,644 |
| Glansócmhainní seasta aistrithe isteach | 2.1 & 2.2 | | 11,765 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (91,322) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **20,467** |

## 2.11 Ceangaltais

| **Ceanglais fhoriomlána** | **2023** |
|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 597 |
| Tionscadail chaipitil | 1,304 |
| | **1,901** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2022 | Caiteach as in 2023 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2023 | Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Tionscadal Axia | 4,537 | 4,737 | 1,304 | **10,578** | **12,587** |

Nóta [a] Taifeadadh Project Axia roimhe seo i Vóta na hOifige Luachála in 2022, go dtí gur aistríodh a chuid feidhmeanna chuig Tailte Éireann in 2023. Áiríodh costais bhliantúla reatha cothabhála agus cheadúnaithe sna costais ionchasacha ag deireadh 2022, ach fágadh iad seo as an áireamh ó na costais chaipitiúla agus na luachanna gealltanais in 2023 mar go gcaitear iad ina ionad.

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá lámh ag Tailte Éireann i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d’fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní fios méid na ndliteanas a d’fhéadfadh a bheith i gceist nó cathain a bheidís dlite.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

An caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos, tá sé curthasan áireamh i gClár A d’fhonn na costais iomlána cláir  a churi láthair.

| | | | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 54,045 | 51,654 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 600 | 595 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha | | 2,866 | 2,670 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 1,391 | 1,327 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | |
| | *Soláthar Meastacháin* | 15,369 | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 590 | 15,959 | 16,137 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | | 2,542 | 1,471 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | | 200 | 118 |
| | | | **77,603** | **73,972** |

### Athruithe suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**vi Costais áitreabh na hoifige**

*Soláthar meastacháin €2.542 milliún; toradh €1.471 milliún*

Tharla an gannchaiteachas de €1.071 milliún ar áitribh oifige mar gheall ar choigilteas sa bhuiséad cothabhála oifige go dtí go n-aistrítear chuig ceanncheathrú corparáideach nua agus costais fuinnimh níos ísle ná an buiséad a bhí ann in 2023

## Clár A Soláthar seirbhísí mapála, clárúcháin maoine agus luachála laistigh den Stát

| | | | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 54,045 | 51,654 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | | |
| | | *Soláthar Meastacháin* | 22,968 | | |
| | | *Tabhairt suas iarchurtha* | 590 | 23,558 | 22,318 |
| A.3 | Tionscadail náisiúnta athluachála | | | 1,500 | 1,370 |
| A.4 | Léarscáiliú agus suirbhéireacht náisiúnta | | | 6,588 | 1,108 |
| A.5 | Cartlann um chlárúchán réadmhaoine agus digitithe | | | 180 | 85 |
| A.6 | Costais chúitimh agus táillí dlí eile | | | 643 | 533 |
| | | | | **86,514** | **77,068** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas na gclár neamh-riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**A.4 Léarscáiliú agus suirbhéireacht náisiúnta**

*Soláthar meastacháin €6.588 milliún; toradh €1.108 milliún*

D’eascair an gannchaiteachas de €5.48 milliún toisc go raibh costais phinsin d’iarfhoireann na Suirbhéireachta Ordanáis déanta i Vóta Tailte Éireann in 2023, ach gur íocadh iad ina n-iomláine ag Vóta 12 Aoisliúntais.

**A.6 Costais chúitimh agus táillí dlí eile**

*Soláthar meastacháin €643,000; toradh €533,000*

Tá an toradh ar an bhfotheideal seo ag brath ar líon na n-éileamh cúitimh a socraíodh sa tréimhse, rud atá deacair a thuar.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2023 | |
|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe |
| | | €000 | €000 |
| 1 | Admhálacha luachála | 420 | 126 |
| 2 | Fáltais ilghnéitheacha | 20 | 70 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise le luach saothair seirbhíse poiblí | 1,380 | 1,492 |
| | **Iomlán** | **1,820** | **1,688** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**1 Admhálacha luachála**

*Meastachán €420,000; €126,000 réadaithe*

Bhí easnamh de €294,000 ar fháltais ó tháillí luachála in 2023 mar gheall ar bhaint an cheanglais ar údaráis áitiúla táille fhorordaithe a íoc as torthaí athbhreithnithe.

### 4.2 Admhálacha breise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2023 |
|---|---|
| | €000 |
| Iarmhéid an Státchiste aistrithe ar 1 Eanáir | 453 |
| Aistriú iarmhéid an Státchiste ar chumasc an OSI | 3,706 |
| Táillí Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas faighte | 75,055 |
| Táillí mapála faighte | 12,396 |
| Táillí bunchíosa faighte | 50 |
| Íoctha leis an Státchiste [a] | (90,861) |
| **An t-iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig** | **799** |

Nóta [a] Seoltar fáltais a bhailítear i leith táillí Chlárlann na Talún go pras chuig an Státchiste. Ag deireadh mhí na Nollag 2023, bhí 116,755 iarratas ar chlárú idir lámha (2022: 117,276 iarratas). Íocadh na táillí a bhaineann leis an obair seo idir lámha, measta ag €45 milliún (2022: €49 milliún) leis an Státchiste. Cosnaítear cearta dlíthiúla ón dáta a thaisctear iarratas, seachas ón dáta a dhéantar an clárú a chomhlánú.

Úsáideann custaiméirí tairseach ar líne www.landdirect.ie chun iarratais a chur isteach agus cuardaigh a dhéanamh. Déanann custaiméirí airgead a thaisceadh chuig a gcuntais dhíreacha talún roimh ré. Bhí iarmhéideanna creidmheasa de €1,867,787 ar na cuntais landdirect ag deireadh 2023 (2022 €503,090).

## Nóta 5 Líon foirne agus Luach saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2023** |
| --- | --- |
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **898** |

### 5.2 Pá

| **Luach saothair fhoireann Tailte Éireann** | **2023** |
| --- | --- |
| | **€000** |
| Pá | 46,014 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 91 |
| Liúntais eile | 163 |
| Ragobair | 1,260 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,126 |
| **Pá iomlán** | **51,654** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht is airde a íocadh 2023** |
| --- | --- | --- | --- |
| | | | **€** |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 65 | 1 | 14,592 |
| Ragobair | 222 | 45 | 24,854 |
| Liúntais eile | 48 | — | 6,369 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 43 | 14 | 23,507 |

### 5.4 Comhaontuithe eile maidir le luach saothair

Agus iad ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse, bhí ceathrar státseirbhíseach againn ar áirithíocht ar bhonn táille ar chostas iomlán de €78,710. Bhí na híocaíochtaí comhsheasmhach le prionsabail Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012.

## 5.5 Foireann Tailte Éireann de réir banda pá

Is mar seo a leanas atá líon na bhfostaithe Tailte Éireann a mbaineann bhfuil a sochar iomlán fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair san áireamh); gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra a áireamh) don bhliain airgeadais thit idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 aníos.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe |
|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 580 |
| 60,000 | 69,999 | 150 |
| 70,000 | 79,999 | 96 |
| 80,000 | 89,999 | 58 |
| 90,000 | 99,999 | 30 |
| 100,000 | 109,999 | — |
| 110,000 | 119,999 | 30 |
| 120,000 | 129,999 | 3 |
| 130,000 | 139,999 | 1 |
| 140,000 | 149,999 | 3 |
| 150,000 | 159,999 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 |

## 5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánacha na nOifigeach Cuntasaíochta ó dháta a gceaptha.

| | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Elizabeth Pope (Oifigeach Cuntasaíochta Eatramhach 1 Márta-10 Iúil 2023) | 62 |
| Liam O'Sullivan (ceaptha 10 Iúil 2023) | 90 |
| **Iomlán** | **152** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas.

Is ball é an tOifigeach Cuntasaíochta de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair agus ní théann a theidlíochtaí ar shochair phinsin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta eatramhach ina ball den scéim pinsin réamh-1995 do státseirbhísigh agus ní théann a teidlíochtaí ar shochair phinsin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

### 5.7 Ró-íocaíochtaí foirne

| | Líon na bhfaighteoirí | 2023 € |
|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | **89** | 272,125 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | **27** | 98,091 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais íoctha ag Táilte Éireann sa bhliain**

| | Éilimh ó fhostaithe (díobháil phearsanta) | S.120 agus éilimh ghaolmhara | Éilimh eile | Iomlán 2023 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 1 | 13 | 11 | 26 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí Tailte Éireann | 4 | — | 21 | 25 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son Tailte Éireann | | | | |
| Cúiteamh | 14 | 385 | 142 | 541 |
| Costais dlí | — | — | — | — |
| Costais eile | — | — | — | — |
| **Iomlán** | **18** | **385** | **163** | **566** |

Nóta [a] In 2023, áiríodh le héilimh S120 íocaíocht €325,000 mar réiteach ar éileamh a rinneadh maidir le caillteanas a baineadh de dhaoine mar gheall ar bheith ag brath ar an gclár Talún.

**Costais charnacha cásanna a críochnaíodh in 2023**

| | Éilimh ag fostaithe (díobháil phearsanta) | S.120 agus éilimh ghaolmhara[a] | Éilimh eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Líon na gcásanna | **1** | **—** | **25** | **26** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí Tailte Éireann | 4 | — | — | 7 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son Tailte Éireann | | | | — |
| Cúiteamh | 14 | — | — | 399 |
| Costais dlí | — | — | — | — |
| Costais eile | — | — | — | — |
| **Iomlán** | **18** | **—** | **—** | **406** |

## 6.2 Calaois agus calaois amhrasta

De réir na reachtaíochta um Chlárú Teidil, i gcás ina dtarlaíonn caillteanas mar thoradh ar chalaois, cibé áit a n-eascraíonn sé, d'fhéadfadh éileamh cúitimh a bheith mar thoradh air. Leanann Tailte Éireann ar aghaidh ag bainistiú líon an-bheag cásanna d'iarratais chalaoiseacha amhrasta ar chlárú.

## 6.3 Leas i nGeoEolaire An Post

Tá 49 scair ag Tailte Éireann i nGeoEolaire DAC An Post ar €1.25 an scair, infheistíocht iomlán de €61. Corpraíodh GeoEolaire DAC An Post in Éirinn i 1995. Tá leas mionlaigh (49%) de bhrabús GeoEolaire DAC An Post tar éis cánach inchurtha i leith an Stáit. Tá na díbhinní go léir atá iníoctha ó GeoEolaire DAC An Post iníoctha go díreach leis an Státchiste agus ní choinníonn Táilte Éireann iad.